



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Aibreán 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0104 (COD)**

8175/18
ADD 2

JAI 328
FRONT 96
VISA 83
FAUXDOC 28
CODEC 591
IA 104
FREMP 53

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	18 Aibreán 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2018) 111 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 111 final.

Faoi iamh: SWD(2018) 111 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.4.2018
SWD(2018) 111 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais
shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an
Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta**

{COM(2018) 212 final} - {SWD(2018) 110 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlach a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cad í an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi? 11 líne ar a mhéid

Is iad na príomhfhadhbanna, a mbíonn éifeacht acu ar shaorghluaiseacht agus ar shlándáil inmheánach, a dtugann an tionscnamh aghaidh orthu, ná:

- slándáil neamhleor cártaí aitheantais náisiúnta agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do bhail teaghlach nach den Aontas iad;
- glacadh neamhleor ag eintitis phoiblí agus phríobháideacha le cártaí aitheantais agus doiciméid chónaithe;
- castacht in eisiúint, i láimhseáil agus i riar na ndoiciméad sin.

Den chuid is mó is éard is cúis leis na fadhbanna sin ná difríochtaí agus neamhréireacht i bhformáid, dearadh agus leagan amach cártaí aitheantais agus doiciméad cónaithe, agus comhordú neamhleor feasachta i measc geallsealbhóirí atá rannpháirteach i láimhseáil na ndoiciméad sin agus oiliúint na ngeallsealbhóirí sin. Mar thoradh ar na fadhbanna sin, bíonn sé níos casta sealbhóir an doiciméid a shainaithint agus na doiciméid a fhíordheimhniú go hiontaofo agus méadaítear an riosca go mbainfí mí-úsáid astu nó go ndiúltófaí iad go hearráideach (e.g. ag trasnuithe teorann, i gclárú riaracháin, agus rochtain á fáil ar sheirbhísí). Eascraíonn ualach agus costas suntasach as sin go léir i gcomhair (a) saoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlach nuair a bhíonn siad ag taisteal nó ag feidhmiú a gceart chun saorghluaiseachta; (b) údarais phoiblí, amhail gardaí teorann; agus (c) eintitis de chuid na hearnála poiblí agus príobháidí, amhail seirbhísí slándála sóisialta, bainc agus aerlínte.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo? 8 líne ar a mhéid

Is cuspóir dúbailte é **cuspóir ginearálta** an togra:

- slándáil a fheabhsú laistigh den Aontas agus ag a theorainneacha;
- ceart shaoránaigh an Aontais chun gluaiseacht agus cónaí faoi shoirse in AE a éascú.

Is iad **cuspóirí sonracha an togra**:

- glacadh le cártaí aitheantais agus doiciméid chónaithe agus a bhfíordheimhniú a fheabhsú agus calaois doiciméad a laghdú;
- sainaithint daoine a fheabhsú bunaithe ar dhoiciméid aitheantais;
- feasacht a mhúscailt maidir leis na doiciméid sin agus na cearta atá nasctha leo, lena n-áirítear trí oiliúint;
- an saol laethúil a shimpliú do shaoránaigh, an rómhaorlathas a laghdú agus costais a laghdú do na geallsealbhóirí go léir.

Cad é an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht ar leibhéal AE? 7 líne ar a mhéid

Tá gá le gníomhaíocht AE chun saorghluaiseacht daoine a chur chun cinn agus chun leibhéal na slándála laistigh den Aontas a mhéadú, mar tá gné thrasteorann ag an dá shaincheist agus ní féidir le Ballstáit aonair amháin déileáil leo. Tá gá le bearta comhsheasmhacha agus iomchuí chun dul i ngleic leis na fadhbanna a sainaithníodh. Beidh gá le cur chuige coiteann ar fud an Aontais dó sin chun na rialacha nua maidir le formáid agus gnéithe slándála na gcártaí aitheantais agus na ndoiciméad cónaithe a dhéanamh comhréireach agus chun comhar trasteorann a chur chun cinn. Mura ndéanfar comhordú ar bhearta náisiúnta, d'fhéadfadh tuilleadh fadhbanna teacht astu (agus mar thoradh air sin costais shuntasacha) do shaoránaigh na hEorpa, d'údarais náisiúnta nó d'earnáil an ghnó / don earnáil phríobháideach.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachta a rinneadh a mheas? An bhfuil rogha tosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth? 14 líne ar a mhéid

Déantar grúpaí de na roghanna mar a leanas: (a) cártaí aitheantais, (b) doiciméid chónaithe agus (c) próiseas, chun léiriú a thabhairt ar na bearta sonracha a bhfuil gá leo chun dul i ngleic le fadhbanna gach grúpa. Ní féidir iad a chur i gcomparáid le chéile.

Rogha 0: an *status quo* a choinneáil;

Roghanna ID: formáid agus slándáil na gcártaí aitheantais

- **ID BOG**): bearta neamh-reachtacha a bhaineann le cártaí aitheantais (amhail múscailt feasachta agus oiliúint)
- **ID 1**): ID BOG, móide íoscheanglais choiteanna a leagan síos d'fhormáid agus do shlándáil na gcártaí aitheantais
- **ID 2**): ID BOG, móide ID 1), le formáid choiteann do chártaí aitheantais, lena n-áirítear méarloirg éigeantacha
- **ID3**): ID BOG, leis an bhféidearthacht cárta aitheantais AE a eisiúint mar aon le cártaí aitheantais náisiúnta

Roghanna RES: formáid agus slándáil na ndoiciméad cónaithe

- **RES BOG**): bearta neamh-reachtacha a bhaineann le doiciméid chónaithe
- **RES 1**): RES BOG móide comhchuibhiú líon teoranta sonraí maidir le doiciméad cónaithe
- **RES 2**): RES BOG móide RES 1) le formáid choiteann do dhoiciméid chónaithe ball teaghlaigh nach den Aontas iad
- **RES 3**): RES BOG móide RES 1) le formáid choiteann do gach doiciméad cónaithe,

Roghanna PRÓISEAS: próiseas chun doiciméid a eisiúint agus chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit

- **PRÓISEAS BOG**): níos mó roghanna agus roghanna níos fearr a chur chun cinn i dtaca le doiciméid a iarraidh agus a fháil
- **PRÓISEAS 1**): PRÓISEAS BOG agus an cumas cártaí aitheantais a eisiúint trí líonraí consalacha

Is iad **ID 1), RES 2) agus PRÓISEAS BOG) na roghanna tosaíochta.**

Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla? 7 líne ar a mhéid

Cuireann Conclúidí ón gComhairle béim ar thábhacht shlándáil na gcártaí aitheantais agus na ndoiciméad cónaithe. Tacaíonn mórán údarás náisiúnta agus ENRanna le bearta dlí boga do gach cineál doiciméad (na roghanna BOG go léir). Ní fheiceann údarás náisiúnta áirithe atá ag déileáil le saincheist na saorghluaiseachta (AT, CZ, HR, DK, NL, MT agus PL) an gá atá le reachtaíocht, agus ag an am céanna, tá údarás eile (BG, CY, DE, EE, EL, FI, IE, PT, RO, SI, agus SK) i bhfabhar íostréithe a thabhairt isteach do chártaí aitheantais (ID 1). Tá roinnt údarás náisiúnta (CY, DK, EE, FR, EL agus LU) i bhfabhar cártaí aitheantais do bhaill teaghlaigh nach den Aontas iad a chomhchuibhiú ar bhonn na formáide aonfhoirmí do cheadanna cónaithe (RES 2). Tacaíonn tromlach shaoránaigh an Aontais a ndeachthas i gcomhairle leo le comhchuibhiú níos leithne ar chártaí aitheantais san Aontas (ID 2), agus tá siad i bhfabhar doiciméid chónaithe atá comhchuibhithe ar an iomlán (RES 3).

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)? 12 líne ar a mhéid

Cruthóidh na roghanna tosaíochta buntáistí i mórán réimsí, cé nach féidir iad sin a chainníochtú go héasca. Taispeánann an fhianaise atá ar fáil go dtiocfadh as glacadh feabhsaithe le doiciméid agus slándáil fheabhsaithe doiciméad coigilteas costais atá díreach agus athfhillteach agus ualach riaracháin laghdaithe do shaoránaigh agus do bhaill dá teaghlaigh, d'údarás phoiblí (e.g. gardaí teorann a sheiceálann doiciméid) agus oibreoirí seirbhísí poiblí agus príobháideacha (e.g. oibreoirí aerlínte, sláinte, banc agus árachais, agus soláthóirí slándála sóisialta).

Áireofar ar bhuntáistí indíreacha na roghanna tosaíochta laghdú ar chalaos doiciméad agus goid aitheantais agus, tríd is tríd, leibhéal feabhsaithe slándála (laghdú coireachta, calaoise agus sceimhlitheoireachta) laistigh den Aontas agus ag a theorainneacha. Éascófar saorghluaiseacht daoine freisin, mar ceadófar le doiciméid fheabhsaithe úsáid doiciméad a bheidh níos tapa, níos fusa agus níos sláine.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)? 12 líne ar a mhéid

Tá bearta dlí boga inoiriúnaithe do riachtanais na mBallstát.

Beidh difear ó Bhallstát go Ballstát sa chostas comhlíonta (aon-uaire) a bhaineann le doiciméid nuashonraithe a thabhairt isteach de réir a chéile, ag brath ar cháilíocht na ndoiciméad arna n-eisiúint faoi láthair. I bhformhór na gcásanna, déanfar costais a íoslaghdú tríd an tabhairt isteach de réir a chéile a ailíniú le gnáth-thimthriall ionadaithe na ndoiciméad. Maidir le cártaí aitheantais náisiúnta agus cártaí cónaithe do bhaill teaghlaigh nach den Aontas iad, féadfaidh na Ballstáit cur leis an mbonneagar atá ann cheana (léitheoirí cártaí, scanóirí doiciméad, fearas chun sonraí bithmhéadracha a thógáil agus a fhíorú) agus le próisis táirgthe do phasanna agus do cheadanna cónaithe. Níltear ag súil le costais riaracháin agus rialúcháin shuntasacha bhreise.

Chun cur go tapa leis an tslándáil, tiocfaidh costas áirithe i roinnt Ballstát as deireadh a chur de réir a chéile le cártaí aitheantais níos laige. Tiocfaidh costais (aon-uaire) bhreise áirithe freisin as deireadh a chur de réir a chéile le cártaí aitheantais neamh-chomhlíonacha do bhaill teaghlaigh nach den Aontas iad. Beidh na costais sin i gcomhréir lena thapa a chuirfear deireadh de réir a chéile leo.

Maidir le costais chomhlíonta do dhoiciméid nua a aistriú chuig na saoránaigh, braithfidh sé sin ar lucht riaracháin na mBallstát. Ní bheidh aon tionchar costais suntasach ag an rogha tosaíochta ar ghnólachtaí.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair? 8 líne ar a mhéid

A bhuí leis an rogha tosaíochta, is fearr a bheidh gnólachtaí, lena n-áirítear FBManna agus micrifhiontair, in ann muinín a chur sna doiciméid aitheantais a chuirfidh cliant ionchasacha ó Bhallstáit eile faoina mbráid, agus dá bhrí sin, leathnófar a ndeiseanna gnó. Tá sé seo tábhachtach go háirithe d'fhiontair bheaga nach bhfuil sé d'acmhainn airgeadais ná phearsanta acu próisis, saineolas agus oiliúint foirne a fhorbairt chun doiciméid aitheantais a láimhseáil i gceart. Ach feabhas a chur ar chomhréireacht, cruthófar roinnt deiseanna do tháirgeoirí cártaí freisin maidir leis na cineálacha éagsúla doiciméad.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar riaracháin náisiúnta? 4 líne ar a mhéid

Beidh tionchair airgeadais éagsúla ann ó Bhallstát go Ballstát, ag brath ar mhéid na n-athruithe a bhfuil gá leo (costas comhlíonta don tabhairt isteach de réir a chéile) agus ar a thapa a chuirfear na feabhsuithe chun feidhme (costas comhlíonta a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile). Déanfar íoslaghú ar chostais mar meastar go mbeidh na leaganacha nua sioncronaithe leis an ngnáth-thimthriall ionadaithe.

Ar deireadh, beidh buntáistí ann do gach riarachán náisiúnta mar thoradh ar shábháil ama i seirbhísí riaracháin agus poiblí.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist? 6 líne ar a mhéid

Beidh tionchar ag an rogha tosaíochta ar chearta bunúsacha agus go háirithe maidir le hAirteagal 7 den Chairt maidir le hurraim ar an saol príobháideach agus Airteagal 8 maidir le sonraí pearsanta a chosaint. Leanfar an cur chuige céanna a leanfar i gcás reachtaíocht AE maidir le pasanna bithmhéadracha agus ceadanna cónaithe bithmhéadracha. Déanfar íogaireachtaí sonracha maidir le bailiú sonraí bithmhéadracha na mionaoiseach a chur san áireamh. Áiritheofar coimircí leis an rogha tosaíochta agus ráthófar ceart an ábhair sonraí is infheidhme faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, lena n-áirítear an ceart chun leighis éifeachtaigh.

D. Obair leantach

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas? 4 líne ar a mhéid

De bhreis ar fhaireachán tráthrialta, moltar go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na mbeart reachtach.